C/2026/1138

19.2.2026

Fógra le haghaidh daoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe a chumhdaítear leis na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle agus i Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin.

(C/2026/1138)

Dírítear aird na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leanas: JAFARI-DOLATABADI Abbas (Uimh. 19), YASAGHI Ali-Akbar (Uimh. 28), BAKHTIARI Seyyed Morteza (Uimh. 59), RESHTE-AHMADI Bahram (Uimh. 78), Cyber Police (Cibearphóilíní) (Uimh. 1), Islamic Revolutionary Guard Corps (IRGC) Operational Base Karbala (Bonn Oibríochtúil Chór Gharda na Réabhlóide Ioslamaí (IRGC) in Karbala) (Uimh. 25), ar daoine, eintitis agus comhlachtaí iad a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/235/CBES ón gComhairle [1] agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 359/2011 ón gComhairle [2] a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Iaráin, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá an Chomhairle ag brath ar na bearta sriantacha i gcoinne na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí thuasluaite a choinneáil ar bun bunaithe ar ráitis nua ar chúiseanna agus ar fhaisnéis nua. Leis seo, cuirtear in iúl do na daoine, do na heintitis agus do na comhlachtaí sin go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an fhaisnéis a fháil a bhaineann le bearta sriantacha a choinneáil ar bun, **roimh an 26 Feabhra 2026**, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Domhanda agus Cothrománacha
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Maidir le barúlacha a gheofar **roimh an 12 Márta 2026**, cuirfear san áireamh iad chun críoch athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/235/CBES agus le hAirteagal 12(4) de Rialachán (AE) Uimh. 359/2011.

---

[1] IO L 100, 14.4.2011, lch. 51.
[2] IO L 100, 14.4.2011, lch. 1.